Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2022
(OR. en)

13475/22

LIMITE

CORLX 911
CFSP/PESC 1318
CSDP/PSDC 632
PESCO 6
FIN 1061

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn a rinne na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha a chomhlíonadh |

1. An 11 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2315[1] lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

2. Déantar foráil le hAirteagal 6(3) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go ndéanfaidh an Chomhairle, ar bhonn na tuarascála bliantúla maidir le PESCO arna tíolacadh ag an Ardionadaí, athbhreithniú uair sa bhliain ar cé acu atá nó nach bhfuil na Ballstáit rannpháirteacha fós ag comhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh sin.

3. An 15 Iúil 2022, chuir an tArdionadaí a thuarascáil bhliantúil ar fáil don Chomhairle maidir le stádas chur chun feidhme PESCO, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh a ghealltanas ag gach Ballstát rannpháirteach, i gcomhréir lena phlean náisiúnta cur chun feidhme athbhreithnithe nuashonraithe.

[1] IO L 331, 14.12.2017, lgh. 57–77

4. An 11 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Moladh ón gComhairle lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn a rinne na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha a chomhlíonadh (13472/22).

5. An 26 Deireadh Fómhair 2022, tháinig an Mheitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtmholta ón gComhairle, agus chuir sí ar aghaidh chuig an gCoiste Polaitiúil agus Slándála é.

6. An 27 Deireadh Fómhair 2022, tháinig an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtmholta ón gComhairle agus d'iarr sé ar Mheitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (Meitheal RELEX) obair a dhéanamh agus bailchríoch a chur ar an ngníomh dlí.

7. An 7 Samhain 2022, chuir an Mheitheal RELEX bailchríoch ar théacs an dréachtmholta ón gComhairle.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir le téacs an dréachtmholta ón gComhairle a dhearbhú;

– a mholadh don Chomhairle an Moladh ón gComhairle lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn a rinne na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha a chomhlíonadh, mar a leagtar amach in 13474/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

– a chinneadh an Moladh ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

PUBLIC